AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.9.2020
SWD(2020) 381 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

maidir le Margaí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937

{COM(2020) 593 final} - {SEC(2020) 306 final} - {SWD(2020) 380 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar chreat de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh criptea-shócmhainní

A. An gá atá le beart

Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Is ionann criptea-shócmhainní agus cineál sócmhainní digiteacha a bhraitheann ar chripteagrafaíocht agus teicneolaíocht mórleabhar dáilte (DLT) go príomha[1]. D'fhéadfadh roinnt criptea-shócmhainní cáiliú mar ionstraimí airgeadais faoin An Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais II (MiFID II) nó mar 'ríomh- airgead' faoin Treoir um Airgead Leictreonach (EMD2), cé go dtagann a bhformhór lasmuigh de raon feidhme rialachán airgeadais reatha an Aontais Eorpaigh.

I gcás nach gcumhdaítear criptea-shócmhainní le rialachán airgeadais an Aontais Eorpaigh, bíonn tomhaltóirí agus infheisteoirí i mbaol rioscaí substaintiúla in éagmais rialacha is infheidhme i leith seirbhísí a bhaineann le sócmhainní den sórt sin (amhail malartuithe, ardáin trádála, soláthraithe tiachóige cumhdaigh). Bíonn rioscaí substaintiúla margaidh i gceist chomh maith (e.g. cúbláil mhargaidh) i margadh tánaisteach na gcriptea-shócmhainní. Tá rialacha saincheaptha curtha i bhfeidhm ag roinnt Ballstát ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh gach criptea-shócmhainne – nó fothacar díobh – a thagann lasmuigh de reachtaíocht reatha an Aontais. D'fhéadfadh deighilt rialála tarlú mar thoradh air sin, rud a dhéanfadh iomaíocht sa Mhargadh Aonair a shaobhadh, a d'fhágfadh go mbeidh sé níos deacra do sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a gcuid gníomhaíochtaí a mhéadú ó scála ar bhonn trasteorann agus a spreagfadh arbatráiste rialála. Cé go bhfuil an margadh criptea-shócmhainní fós measartha ó thaobh méide agus nach bagairt é don chobhsaíocht airgeadais go fóill ar aon nós, tá na méideanna trádála laethúla ag dul i méid go seasta. Féadann dúshláin bhreise a bheith i gceist le *'cripteamhonaí cobhsaí'* (fothacar criptea-shócmhainní a bhfuil gnéithe iontu chun a bpraghas a chobhsú) más rud é go nglacann tomhaltóirí leo go forleathan (e.g. cobhsaíocht airgeadais agus ceannasacht airgeadaíochta). D'fhonn arbatráiste rialála a sheachaint agus cosaint leordhóthanach a áirithiú do thomhaltóirí, ba cheart go mbraithfeadh cóir rialála na gcripteamhonaí cobhsaí sin ar a ndearadh sainiúil. In éagmais creata le haghaidh criptea-shócmhainní san Aontas, cailleann úsáideoirí muinín i gcriptea-shócmhainní agus cuirfidh sé sin cosc ar fhorbairt an mhargaidh sin, rud a chiallaíonn go gcaillfear deiseanna ó thaobh ionstraimí íocaíochta nó foinsí nua cistiúcháin atá tapa, saor agus éifeachtach do chuideachtaí an Aontais.

I gcás ina gcumhdaítear criptea-shócmhainní le reachtaíocht seirbhísí airgeadais an Aontais, tá easpa deimhneacht dhlíthiúil ann faoi conas is ceart rialachán airgeadais reatha an Aontais a chur i bhfeidhm (e.g. an Rialachán Réamheolaire, an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais II(MIFID II) agus an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús). De bharr an cháis sin, ní dhéantar comharthaí urrúis a eisiúint ach go fánach sa phríomh- mhargadh, agus cuirtear teorainn le húsáid fhéideartha DLT i margaí airgeadais, mar a léirítear le heaspa bonneagar margaidh atá bunaithe ar DLT (cuir i gcás ionaid trádála nó taisclanna lárnacha urrús) lena gcumasaítear comharthaí urrúis a thrádáil agus idirbhearta a réiteach.

Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Is é cuspóir foriomlán an tionscnaimh seo soiléireacht a thabhairt maidir le hinfheidhmeacht rialachán airgeadais an Aontais Eorpaigh i leith criptea-shócmhainní (agus gníomhaíochtaí gaolmhara). Ba cheart don tionscnamh tacú leis an nuálaíocht agus le hiomaíocht chóir trí chreat a chruthú i gcomhair eisiúint agus sholáthar na seirbhísí a bhaineann le criptea-shócmhainní. Ba cheart go n- áiritheofaí cosaint ardleibhéil don tomhaltóir agus don infheisteoir agus sláine margaidh i margaí criptea-shócmhainní leis an tionscnamh seo. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na rioscaí maidir le cobhsaíocht airgeadais agus beartas airgeadaíochta a d'fhéadfadh a bheidh i gceist le húsáid fhorleathan criptea-shócmhainní agus réitigh atá bunaithe ar DLT i margaí airgeadais.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Le haghaidh criptea-shócmhainní nach gcumhdaítear le rialachán airgeadais an Aontais, leagfaí síos bunús le beart ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ina bhféadfaí margadh trasteorann níos mó a fhorbairt le haghaidh

[1] Is ionann DLT agus modh chun faisnéis a shábháil trí mhórleabhar dáilte, i.e. cóip dhigiteach leantach de shonraí atá ar fáil ag suíomhanna éagsúla. Tógtar DLT ar chóras cripteaghrafach: eochracha poiblí, a chuirtear ar fáil go poiblí agus atá riachtanach le haghaidh aitheantais agus eochracha príobháideacha, a choinnítear faoi rún agus a úsáidtear le haghaidh údarú agus criptiúcháin.

eisitheoirí criptea-shócmhainní agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní agus, ar an gcaoi sin, bhainfí na tairbhí is mó is féidir as an Margadh Aonair. Laghdódh sé go suntasach an chasacht agus na hualaí airgeadais agus riaracháin a bheadh ar gach páirtí leasmhar. Ach na ceanglais oibríochta ar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní chomh maith leis na ceanglais nochta a fhorchuirtear ar eisitheoirí a chomhchuibhiú d'fhéadfaí buntáistí soiléire a chruthú freisin i dtéarmaí na cosanta d'infheisteoirí, sláine margaidh agus cobhsaíocht airgeadais.

Le haghaidh criptea-shócmhainní a chumhdaítear le rialachán airgeadais reatha an Aontais, d'fheabhsófaí soiléireacht dhlíthiúil le beart ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus dá bhrí sin chumasófaí leathnú na ngníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní den sórt sin ar fud an Mhargaidh Aonair. Ar an gcaoi sin, rachfaí i ngleic leis na rioscaí a chruthófaí trí threoir agus léirmhínithe a leathadh ar an leibhéal náisiúnta, as a dtagann deighilt sa mhargadh inmheánach agus saobhadh ar an iomaíocht.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?

Le haghaidh criptea-shócmhainní nach gcumhdaítear le rialachán airgeadais an Aontais, rinneadh dhá rogha a mheasúnú: córas liostála de chuid an Aontais agus córas atá comhchuibhithe go hiomlán d'eisitheoirí criptea-shócmhainní agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a mbainfeadh tairbhe as pas AE chun a gcuid gníomhaíochtaí a leathnú trasteorann. Cé nach mbeadh an oiread ualaigh ag baint leis an gcéad rogha d'eisitheoirí agus do sholáthraithe seirbhísí beaga atá in ann cinneadh a dhéanamh gan liostáil, d'áiritheodh an dara rogha leibhéal níos airde den deimhneacht dhlíthiúil, do chosaint infheisteoirí, sláine margaidh agus cobhsaíocht airgeadais, agus laghdófaí deighilt mhargaidh leis ar fud an Mhargaidh Aonair. Dá bhrí sin, is í an dara rogha an rogha thosaíochta.

Le haghaidh criptea-shócmhainní a cháilíonn mar ionstraimí airgeadais faoin Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais II (i.e. comharthaí urrúis), rinneadh trí rogha a mheasúnú: 1) bearta neamhreachtacha; lena soláthrófaí treoir maidir le cibé an bhfuil an reachtaíocht atá ann cheana féin infheidhme i leith criptea-shócmhainní agus conas a chuirtear i bhfeidhm í; 2) athruithe reachtacha spriocdhírithe lena mbainfear na forálacha atá ina mbacainn ar eisiúint, trádáil agus iarthrádáil comharthaí urrúis agus réitigh bunaithe ar DLT a úsáid; agus 3) córas trialach (ar feadh tréimhse 3 bliana) lena gcruthófar bonneagar margaidh DLT nua, lena gcumasófar trádáil agus/nó réiteach comharthaí urrúis. Cé go gcabhródh bearta reachtaíochta boige chun soiléireacht a thabhairt maidir le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i leith comharthaí urrúis agus gníomhaíochtaí lena mbaineann, ní féidir leo bacainní dlíthiúla atá leabaithe sa reachtaíocht reatha a bhaint. Tugtar deimhneacht dhlíthiúil le coigeartuithe reachtacha spriocdhírithe agus baintear constaicí dlíthiúla ach ní chuirfear i bhfeidhm iad ach i réimsí teoranta arna sainaithint i measúnuithe le déanaí. Cé go bhféadfaí creat turgnamhach soiléir a chur ar fáil leis an tríú rogha chun comharthaí urrúis a thrádáil agus/nó a réiteach, d'fhéadfaí na tairbhithe lena mbaineann a chailliúint mura sínfí an córas turgnamhach tar éis na tréimhse 3 bliana. Ós rud é go gcomhlánaíonn na roghanna sin a chéile, is an rogha thosaíochta leanúint ar aghaidh go cúramach le meascán de na trí rogha le chéile. Bheadh sé sin comhsheasmhach leis an ngá le cur chuige rialála céimnitheach i gcomhthéacs margadh nuaghinte agus an difríocht ollmhór idir líonraí atá go hiomlán gan chead agus líonraí atá bunaithe ar chead ina mbíonn cuid den rialú láraithe.

Le haghaidh 'cripteamhonaí cobhsaí', bheartaigh seirbhísí an Choimisiúin trí rogha: 1) bearta reachtacha saincheaptha maidir le heisitheoirí 'cripteamhonaí cobhsaí'; 2) 'cripteamhonaí cobhsaí' a rialáil faoin Treoir um Airgead Leictreonach II, ós rud é go bhfuil roinnt 'cripteamhonaí cobhsaí' i ngar don sainmhíniú ar ríomh- airgead agus á n- úsáid mar ionstraimí íocaíochta; 3) bearta a bheidh dírithe ar eisiúintí agus seirbhísí a bhaineann le 'cripteamhonaí cobhsaí' san Aontas a theorannú (ach amháin sa chás go bhfuil siad i gcomhréir leis na creataí atá ann cheana féin). Trí chloí le cur chuige dian atá bunaithe ar riosca, rachfaí i ngleic le leochaileachtaí don chobhsaíocht airgeadais leis an gcéad rogha, agus tacaíocht á tabhairt don nuálaíocht. I gcodarsnacht leis sin, b'fhéidir nach rachfaí i ngleic leis na rioscaí suntasacha do chosaint tomhaltóirí (mar shampla na rioscaí sin a chruthaíonn soláthraithe tiachóige) ar bhealach leordhóthanach leis an dara rogha agus an tríú rogha. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé tarlú le rogha 3 nach ngabhfaí i ngleic le roinnt rioscaí don chobhsaíocht airgeadais, i gcás go mbainfeadh tomhaltóirí as an Aontas Eorpach úsáid fhorleathan as 'cripteamhonaí cobhsaí' i dtríú tíortha. Dá bhrí sin, is é meascán de rogha 1 agus rogha 2 an rogha thosaíochta i ndáil le 'cripteamhonaí cobhsaí'.

Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo

Le haghaidh criptea-shócmhainní nach gcumhdaítear le rialachán airgeadais an Aontais, bhí tromlach mór na bhfreagróirí (68 %) ar chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin den tuairim go bhféadfaí éiceachóras criptea-shócmhainní inbhuanaithe a bhunú san Aontas le córas saincheaptha de chuid an Aontais i gcomhair criptea-shócmhainní. Le haghaidh criptea-shócmhainní a cháilíonn mar ionstraimí airgeadais, chuir tromlach mór na bhfreagróirí béim ar an ngá atá le cur chuige coiteann ar fud an Aontais i gcás ina gcáilíonn criptea-shócmhainn mar ionstraim airgeadais. Bhí tromlach na bhfreagróirí i bhfabhar cur chuige rialála céimnitheach chomh maith, lena soláthrófaí soiléireacht dhlíthiúil ar dtús maidir le DLT atá bunaithe ar chead a úsáid (i.e. comhaltaí cláraithe amháin a cheadú) i réimsí na trádála agus na hiarthrádála seachas freastal ar líonraí gan chead (a bhféadfadh aon eintiteas a bheith páirteach ann gan chlárú) ós rud é go bhfuil na DLTanna sin fós ag céim luath dá bhforbairt. Maidir le 'cripteamhonaí cobhsaí' agus 'cripteamhonaí cobhsaí domhanda', bhí tromlach na bhfreagróirí i bhfabhar roinnt ceanglas a chur ar na heisitheoirí agus/nó ar bhainisteoirí an chúlchiste. Bhí mionlach de na páirtithe leasmhara den tuairim gurb é an Treoir um Airgead Leictreonach II a shíneadh an cur chuige rialála b'iomchuí.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na roghanna tosaíochta?

Ar an gcéad dul síos, bheifí ábalta criptea-shócmhainní a fhorbairt leis na bearta sin mar mhodh íocaíochta tapa agus saor, a rachadh in iomaíocht le hionstraimí íocaíochta atá ann cheana féin, go háirithe i gcás idirbhearta trasteorann. Bheadh sé fíorthábhachtach coigilteas costais a bhaint amach i réimse na seoltán. Bunaithe ar mheastacháin, d'fhéadfadh idir EUR 220 milliún agus EUR 570 milliún in aghaidh na bliana a bheith i gceist leis sin. Cabhróidh sé sin chun cuimsiú airgeadais a fheabhsú laistigh den Aontas chomh maith. Ar an dara dul síos, cumasóidh an creat glacadh criptea-shócmhainní agus eisiúintí comharthaí urrúis ag corparáidí de chuid an Aontais Eorpaigh laistigh den Aontas, mar uirlis maoinithe chomhlántach do chorparáidí an Aontais, lena n- áirítear FBManna. Ar an tríú dul síos, dá gcruthófaí córas saincheaptha le haghaidh criptea-shócmhainní nach bhfuil ina n- ionstraimí airgeadais, leathnófaí na rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí chun iad sin a chumhdach agus d'áiritheofaí sláine agus cobhsaíocht an mhargaidh. Dá bhrí sin, cabhróidh na roghanna tosaíochta chun cuspóirí Aontas na Margaí Caipitil a baint amach, trí fhoinsí maoiniúcháin eile seachas iasacht ón mbanc a thabhairt do chuideachtaí san Aontas. Ní féidir an cistiú breise uile a chuirfear ar fáil trí eisiúintí criptea-shócmhainní a mheas mar braitheann sé sin ar thosca seachtracha éagsúla (cuir i gcás an gá atá ag eisitheoirí le cistiú, meon reatha an mhargaidh agus freagairt iomaíoch na gcainéal cistiúcháin eile). Ach meastar go mbeidh na costais chistiúcháin le haghaidh eisiúintí criptea-shócmhainní 20–40 % níos ísle ná mar a bheadh siad i gcás tairiscint phoiblí tosaigh d'urrúis thraidisiúnta de mhéid chomhchosúil. Ar an tríú dul síos, ba cheart tionchar dearfach a bheith ag an rogha thosaíochta ar thrádáil agus iarthrádáil comharthaí urrúis, trí shoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar faoi a infheidhme is atá an reachtaíocht reatha, bacainní rialála a bhaint agus creat tiomnaithe a chruthú maidir le bonneagair mhargaidh na teicneolaíochta mórleabhar dáilte. Meastar go mbeidh na gnóthachain éifeachtúlachta fhéideartha de thoradh ar DLT agus comharthaí urrúis a úsáid go forleathan i margaí cothromais airgid an Aontais comhionann le EUR 540 milliún in aghaidh na bliana. Sa bhreis ar na saincheisteanna rialála áfach, braithfidh cur i bhfeidhm iomlán na gcomharthaí urrúis agus DLT sa slabhra trádála agus iarthrádála ar shaincheisteanna teicneolaíochta a réiteach (cuir i gcás inscálaitheacht agus idir- inoibritheacht líonraí éagsúla DLT). Dá bhrí sin, ní bheidh sna bearta atá beartaithe ach cloch chora chun na gnóthachain éifeachtúlachta sin a bhaint amach sa mheántéarma go fadtéarma trí nuálaíocht a éascú agus próiseas socraithe caighdeáin céimnithe a chumasú don Aontas.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

D'fhorchuirfeadh na roghanna tosaíochta costais chomhlíonta ar eisitheoirí 'cripteamhonaí cobhsaí' chomh maith le soláthraithe seirbhísí a bhaineann le criptea-shócmhainní nach dtagann faoi rialachán airgeadais an Aontais faoi láthair. Má chuirtear an córas nua atá beartaithe do sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní nach rialáiltear faoi láthair i bhfeidhm, meastar go mbeadh costais chomhlíonta aonuaire idir EUR 2.8 – 16.5 milliún i gceist, chomh maith le costais chomhlíonta leanúnacha idir EUR 2.2 – 24 milliún, ag brath ar líon na n- eintiteas atá ag iarraidh údarú. Tabharfar le fios leis na soiléirithe dlíthiúla agus le seoladh an chórais trialach le haghaidh comharthaí urrúis nach mbeidh ach costais chomhlíonta bheaga i gceist d'ionaid trádála a dhéanann na comharthaí sin a liostáil. Meastar go mbeidh na costais údaraithe agus chomhlíonta leanúnacha le haghaidh oibreoirí an bhonneagair margaidh DLT nua i raon comhchosúil leis na costais a bhíonn i gceist do shaoráidí trádála iltaobhacha ar tugadh údarú dóibh faoin Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais II. Ní féidir na costais bhreise a bheidh ar eisitheoirí cripteamhonaí cobhsaí domhanda a mheas ós rud é nach ann do chomharthaí den sórt sin sa mhargadh inniu. Maidir le heisitheoirí criptea-shócmhainní nach dtagann faoin raon feidhme rialála reatha, beidh orthu doiciméad faisnéise a fhoilsiú. Meastar go mbeidh na costais uile (lena n- áirítear táillí dlí) idir EUR 35 000 – 75 000 in aghaidh na heisiúna, lena n- áirítear costais dlí fhéideartha agus

costais fhéideartha eile.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

Ba cheart tionchar dearfach san iomlán a bheith ag na roghanna tosaíochta ar FBManna. Ba cheart go méadóidís foinsí cistiúcháin neamhbhainc do FBManna, trí thairiscintí tosaigh bonn agus tairiscintí comharthaí urrúis a fhorbairt. Féadfaidh tairiscintí tosaigh bonn deis a thabhairt do chuideachtaí nua- thionscanta chun suimeanna suntasacha cistiúcháin a chruinniú ag céim luath dá bhforbairt, agus coigilteas costais suntasach a dhéanamh i gcomparáid le tairiscintí tosaigh don phobal. Ba cheart costais chistiúcháin na gcriptea-shócmhainní faoin gcóras a bheith 20–40 % níos ísle ná na costais chistiúcháin a bheadh i gceist le tairiscintí tosaigh don phobal de mhéid chomhchosúil. D'fhorchuirfeadh na roghanna tosaíochta costais chomhlíonta ar roinnt eisitheoirí criptea-shócmhainní atá ina FBManna, rud a mheastar mar thart ar EUR 35 000 in aghaidh na heisiúna.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

D'fhorchuirfeadh na roghanna tosaíochta roinnt costais mhaoirseachta ar Údaráis Náisiúnta Inniúla na mBallstát. Bheadh costais aonuaire a mheastar ag thart ar EUR 140 000 i gceist leis an maoirseacht sin ar eisitheoirí criptea-shócmhainní agus soláthraithe seirbhíse faoi réir na gceanglas nua, mar aon le costais leanúnacha a mheastar ag idir EUR 350 000 agus EUR 500 000 in aghaidh na bliana. Ghearrfaí costais a mheastar ag idir EUR 150 000 agus 250 000 in aghaidh na bliana ar údaráis náisiúnta inniúla de thoradh an bhonneagair margaidh DLT nua. Tá sé deacair na costais a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar eisitheoirí 'cripteamhonaí cobhsaí' a mheas faoi láthair, mar braithfidh siad ar na samhlacha gnó atá i ngeall. Déanfar na costais sin a sheach- chur i bpáirt leis na táillí a ghearrfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla ar eintitis faoi mhaoirseacht.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Chothófaí iomaíochas an Aontais leis na roghanna tosaíochta, trí chur ar chumas iontrálaithe nua sa mhargadh bonneagair margaidh bunaithe ar DLT a fhorbairt chun comharthaí urrúis a thrádáil agus/nó a shocrú a rachaidh in iomaíocht leis na bonneagair leagáide sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Cuirfidh an córas trialach maidir le bonneagar margaidh DLT ar chumas rannpháirtithe i margadh an Aontais dul in iomaíocht le heintitis arna mbunú i dtríú tíortha a bhfuil córas fabhrach curtha i bhfeidhm acu maidir le glacadh DLT. Ba cheart go srianfaí an tionchar diúltach ar an gcomhshaol leis an rogha tosaíochta. Úsáideann an earnáil airgeadais thraidisiúnta DLT atá bunaithe ar chead agus a úsáideann níos lú fuinnimh go príomha. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag roinnt DLTanna gan chead a úsáidtear le haghaidh roinnt eisiúintí criptea-shócmhainní aistriú go sásraí comhthola éagsúla (lena gcumasófaí bailíochtú idirbhirt le DLT) óna dteastaíonn i bhfad níos lú fuinnimh.

D. Iarobair

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar thionchar na rogha tosaíochta agus cinnfidh sé an bhfuil sí éifeachtach chun na cuspóirí sonraithe a bhaint amach (deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, cosaint tomhaltóirí, sláine margaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú agus tacú le nuálaíocht) ar bhonn liosta táscairí beachta.